Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/2154(DEC)

3.12.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

ar urscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí don bhliain airgeadais 2024
(2025/2154(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Evin Incir

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag tabhairt dá haire gurbh ionann buiséad oibriúcháin an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) do 2024 agus EUR 24 329 460, arb ionann é agus méadú 7 % i gcomparáid leis an mbuiséad críochnaitheach do 2023; á chur in iúl gur geal léi, in 2024, gurbh é 96 % ráta cur chun feidhme MECS le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas;

2. ag tabhairt dá aire go bhfuil ról méadaitheach ag MECS san iliomad gníomhartha reachtacha nua, lena n-áirítear an Gníomh um an Intleacht Shaorga, faoina mbeidh MECS ina údarás inniúil d'institiúidí, gníomhaireachtaí, oifigí agus comhlachtaí an Aontais, i gcás inar cuireadh cúraimí breise ar MECS ina leith; ag cur béim ar an bhfíoras go n-éilítear leis na freagrachtaí breise sin, arna dtarmligean ag na comhreachtóirí, acmhainní leormhaithe chun a áirithiú gur féidir le MECS a oibleagáidí a chomhlíonadh go héifeachtach;

3. ag cur béim ar ról MECS maidir le maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí próiseála sonraí pearsanta institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (EUIBA); á chur in iúl gur cúis bhuartha di an t-am a thógann sé ar MECS gearáin a láimhseáil; ag meabhrú Chinneadh an Ombudsman Eorpaigh an 7 Samhain 2024 i gcás 1888/2023/TM, inar chinn an tOmbudsman nach tréimhse réasúnta ama a bhí i 6 bliana do MECS chun a mheasúnú ar ghearán a thabhairt chun críche agus gur drochriarachán a bhí i gcur chuige MECS; ag tabhairt dá haire gur chinn an tOmbudsman gur theip ar MECS an gearánach a choinneáil ar an eolas freisin maidir le dul chun cinn an cháis;

4. á chur in iúl gur geal léi gur chuir MECS 77 gcás gearáin inghlactha i gcrích in 2024, arb ionann é agus méadú 33 % i gcomparáid le 2023; ag tabhairt dá haire nach léir cén uair a tíolacadh na gearáin sin, agus á iarraidh, dá bhrí sin, ar MECS trédhearcacht nós imeachta a fheabhsú agus sonraí a fhoilsiú maidir le líon na ngearán inghlactha a fhaightear gach bliain, an meán-am a thógtar chun iad a imscrúdú agus a réiteach, agus na cúiseanna le moilleanna suntasacha; ag tathant ar MECS machnamh a dhéanamh ar a PTFanna agus a áirithiú go gcumhdaítear leo láimhseáil gearán agus go leagtar síos spriocanna chun gearáin agus fiosrúcháin a láimhseáil, ar an gcaoi chéanna le cleachtas an Ombudsman Eorpaigh;

5. á chur in iúl gur geal léi an laghdú ar chostais mhisin foirne MECS agus ar líon na misean foirne ó 246 in 2023 go 218 in 2024; á iarraidh ar MECS leanúint de mheasúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil na hacmhainní a chaitear ar mhisin á n-úsáid go hiomchuí agus an rannchuidíonn siad le cosaint sonraí pearsanta in EUIBA; ag tabhairt dá haire go raibh MECS ag gabháil do roinnt imeachtaí in 2024, lena n-áirítear imeachtaí tráchtála agus, i gcomhréir le beartas rannpháirtíochta labhartha MECS, go mbeadh MECS 'ag dréim leis de ghnáth go gclúdódh na heagraithe costas an taistil agus na cóiríochta'; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach gcuireann MECS faisnéis ar fáil fós faoi líon na misean arna gcistiú ag eagraithe nó ag tríú páirtithe eile, rud a laghdaíonn trédhearcacht maidir le speansais mhisin MECS; ag tathant go láidir ar

MECS feabhas a chur ar a bheartais agus ar a chleachtais maidir le trédhearcacht speansas misean;

6. ag tabhairt dá haire gur thug MECS imscrúdú aonair i gcrích in 2024, i gcomparáid le imscrúdú ar bith in 2023, gur eisigh sé 25 thuairim, laghdú i gcomparáid le 54 thuairim a eisíodh in 2023 agus go ndearna sé trí iniúchadh, laghdú i gcomparáid le cúig iniúchadh in 2023; ag tathant ar MECS idirdhealú soiléir a dhéanamh idir iniúchtaí iarbhír arna ndéanamh agus cuairteanna ina PTF;

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina tuairim ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú na tuairime, go dtí go nglacfar sa choiste í, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Transparency International EU / EU transparency register: 501222919-71

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	3.12.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 64 –: 5 0: 3
Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Giuseppe Antoci, Jaume Asens Llodrà, Pernando Barrena Arza, Nikola Bartůšek, François-Xavier Bellamy, Ioan-Rareş Bogdan, Saskia Bricmont, Jaroslav Bžoch, Damien Carême, Susanna Ceccardi, Caterina Chinnici, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Alessandro Ciriani, Lena Düpont, Marieke Ehlers, Estrella Galán, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Paolo Inselvini, Irena Joveva, Erik Kaliňák, Marina Kaljurand, Mariusz Kamiński, Fabienne Keller, Mary Khan, Alice Kuhnke, Murielle Laurent, Fabrice Leggeri, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Michael McNamara, Ana Catarina Mendes, Verena Mertens, Nadine Morano, Matjaž Nemec, Ana Miguel Pedro, Ilaria Salis, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Petra Steger, Cecilia Strada, Alice Teodorescu Måwe, Tomas Tobé, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Kristian Vigenin, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Isabel Wiseler-Lima, Ewa Zajączkowska-Hernik, Alessandro Zan, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Katarina Barley, Anna Maria Cisint, Markéta Gregorová, Monika Hohlmeier, Nikola Minchev, Javier Moreno Sánchez, Jan-Christoph Oetjen, Leoluca Orlando, Oliver Schenk, Sebastian Tynkkynen, Alexandre Varaut, Maciej Wąsik
Feisirí dá dtagraítear i Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Stefano Cavedagna, José Cepeda, Pietro Fiocchi, Andrey Kovatchev, Marcos Ros Sempere, Michał Szczerba, Catarina Vieira

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

64	+
ECR	Stefano Cavedagna, Alessandro Ciriani, Pietro Fiocchi, Paolo Inselvini, Mariusz Kamiński
PPE	Magdalena Adamowicz, François-Xavier Bellamy, Ioan-Rareş Bogdan, Caterina Chinnici, Lena Düpont, Monika Hohlmeier, Andrey Kovatchev, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Verena Mertens, Nadine Morano, Ana Miguel Pedro, Oliver Schenk, Michał Szczerba, Alice Teodorescu Måwe, Tomas Tobé, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Isabel Wiseler-Lima, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
PfE	Nikola Bartůšek, Jaroslav Bžoch, Susanna Ceccardi, Anna Maria Cisint, Marieke Ehlers, Fabrice Leggeri, Petra Steger, Tom Vandendriessche, Alexandre Varaut
Renew	Abir Al-Sahlani, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Irena Joveva, Fabienne Keller, Michael McNamara, Nikola Minchev, Jan-Christoph Oetjen
S&D	Katarina Barley, José Cepeda, Marina Kaljurand, Murielle Laurent, Ana Catarina Mendes, Javier Moreno Sánchez, Matjaž Nemec, Marcos Ros Sempere, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Cecilia Strada, Alessandro Zan
The Left	Pernando Barrena Arza, Damien Carême, Estrella Galán, Ilaria Salis
Verts/ALE	Jaume Asens Llodrà, Saskia Bricmont, Markéta Gregorová, Alice Kuhnke, Leoluca Orlando, Catarina Vieira

5	-
ESN	Mary Khan, Milan Uhrík, Ewa Zajączkowska-Hernik
NI	Erik Kaliňák
S&D	Kristian Vigenin

3	0
ECR	Sebastian Tynkkynen, Maciej Wąsik
The Left	Giuseppe Antoci

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh